



COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ MAIDIR LE MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA TRASTEORANN (MTT)

IARRATAS PLEANÁLA DO THIONSCADAL GAOITHE AMACH ÓN GCÓSTA DE CHUID MONA ATÁ BEARTAITHE, ATÁ SUITE I MUIR ÉIREANN TUAIRIM IS 28.2KM Ó CHÓSTA INIS MÓN

De réir fhorálacha Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip 1991 maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann (“Coinbhinsiún Espoo”), fuair an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht fógra ó Chigireacht Pleanála na Ríochta Aontaithe (“PINS”) i ndáil le hiarratas ar thoilíú forbartha (“an t-iarratas pleanála”) ó Mona Offshore Wind Limited. Is tionscadal é Mona Offshore Wind Project ina bhfuil (ach gan a bheith teoranta dó) sraith feirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá suite thart ar 28.2km ó chósta Inis Món i Muir Éireann, bonneagar tarchuir amach ón gcósta a shíneann a fhad le háit theacht i dtír ar chósta thuaidh na Breataine Bige; agus bonneagar tarchuir ar talamh a shíneann ón áit theacht i dtír go dtí fostáisiún na hEangái Náisiúnta ar talamh ag Bodelwyddan.

Chun críocha Rialachán 32 de na Rialacháin um Pleanáil Bonneagair (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 2017 (Rialachán MTT 2017), rinne Rúnaí Stáit na Ríochta Aontaithe scagthástáil trasteorann MTT. Chinn an cleachtadh scagthástála seo go bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith ag an bhforbairt atá beartaithe ar an timpeallacht sa Stát seo. Ar na saincheisteanna trasteorann a ndearnadh scagthástáil orthu tá tionchair shuntasacha ar loingeas agus ar loingseoireacht.

Tá an measúnú scagthástála ar fáil ag:

<https://infrastructure.planninginspectorate.gov.uk/wp-content/ipc/uploads/projects/EN010137/EN010137-000557-EN010137%20-%20Regulation%2032%20Transboundary%20Screening.pdf>

Cuirfidh tús le comhairliúchán poiblí ar fud na tíre le haghaidh aighneachtaí ar an 12 Meitheamh 2024. Féadfaidh duine den phobal tuairim nó aighneacht i scríbhinn a dhéanamh maidir leis na héifeachtaí trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar an gcomhshaoil, **faoi am scoir gnó ar an 17 Iúil 2024** ar a dhéanaí. Ba cheart aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh chuig: monaoffshorewindproject@planninginspectorate.gov.uk

B'fhéidir gur mhaith le daoine den phobal dul do tairseach comhairliúcháin phoiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag an nasc thíos chun féachaint ar chomhfhreagras ó PINS na Ríochta Aontaithe, ar chóipeanna digiteacha de shleachta ó Ráiteas Comhshaoil an iarratasóra; ar dhoiciméid ghaolmhara agus ar naisc a chuir PINS na Ríochta Aontaithe leis an Ráiteas Comhshaoil iomlán agus ar gach cáipéis eile a bhaineann leis an iarratas ar thoilíú forbartha don fhorbairt beartaithe.

<https://consultation.dublincity.ie/planning/mona-off-shore-windfarm>

Lena chois sin, féadtar breathnú ar an bhfógra faoin gcomhairliúchán poiblí i Rannóg Pleanála gach údarás áitiúil ar fud na tíre le linn uaireanta oifige, ach coinne a dhéanamh más gá. Tá cóip de na cáipéisí sin ar fáil lena n-íniúchadh, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, le linn uaireanta oifige. Cuirfidh an uile údarás áitiúil naisc chuig gach cáipéis ar fáil ar líne. Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil i gcomhair sonraí breise.

B'fhéidir nach mbeidh tú in ann breathnú ar an ábhar in oifigí áirithe údarás áitiúil gan coinne a dhéanamh. Mar sin de, moltar go mór duit teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil lena fháil amach an gá duit coinne a dhéanamh sula dtéann tú ann chun na cáipéisí a fheiceáil. Tá an uile cháipéis a bhaineann leis an iarratas ar thoilíú forbartha don fhorbairt beartaithe ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin PINS na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear aon fhaisnéis bhreise a nglacann suíomh gréasáin PINS na Ríochta Aontaithe léi ag:

<https://infrastructure.planninginspectorate.gov.uk/projects/wales/mona-offshore-wind-farm/?ipcsection=docs>

TRANSBOUNDARY ENVIRONMENTAL IMPACT ASSESSMENT (EIA) PUBLIC CONSULTATION

PLANNING APPLICATION FOR PROPOSED MONA OFFSHORE WIND PROJECT, LOCATED IN THE IRISH SEA APPROXIMATELY 28.2KM FROM THE ANGLESEY COASTLINE

In accordance with the provisions of the 1991 United Nations Economic Commission for Europe Convention on Environmental Impact Assessment in a Transboundary Context (“the Espoo Convention”), the Minister for Housing, Local Government and Heritage received notification from the UK Planning Inspectorate (“PINS”) in relation to a development consent application (“the planning application”) by Mona Offshore Wind Limited. Mona Offshore Wind Project is a project comprised of (but not limited to) an offshore wind farm array located approximately 28.2km from the Anglesey coastline in the Irish Sea, offshore transmission infrastructure extending to landfall on the north coast of Wales; and an onshore transmission infrastructure extending from landfall to the onshore National Grid substation at Bodelwyddan.

For the purposes of Regulation 32 of the Infrastructure Planning (Environmental Impact Assessment) Regulations 2017 (the 2017 EIA Regulations) the United Kingdom Secretary of State has conducted transboundary EIA screening. This screening exercise determined that the proposed development may have transboundary environmental impacts in this State. The transboundary issues screened in include significant impacts on shipping and navigation.

The screening assessment is available at:

<https://infrastructure.planninginspectorate.gov.uk/wp-content/ipc/uploads/projects/EN010137/EN010137-000557-EN010137%20-%20Regulation%2032%20Transboundary%20Screening.pdf>

A nationwide public consultation will open for submissions on 12th June 2024. A member of the public may make a written submission or observation in relation to the potential transboundary environmental effects of the project, **by close of business on 17th July 2024** at the latest. Submissions or observations should be made to: monaoffshorewindproject@planninginspectorate.gov.uk

Members of the public may wish to visit the Dublin City Council public consultation portal at the link below to view correspondence from the UK's PINS, digital copies of extracts from the applicant's Environmental Statement; associated documents and links provided by the UK's PINS to the full Environmental Statement and all other documentation relating to the development consent application for the proposed development.

<https://consultation.dublincity.ie/planning/mona-off-shore-windfarm>

The public consultation notice is also available to view in the office of the Planning Section of each local authority nationwide during office hours, by appointment if required. A copy of these documents is available for inspection, or purchase at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy, during office hours. Links to all documents will be made available online by each local authority. Please contact your Local Authority for further details.

Viewings may be by appointment only in certain local authority offices, it is strongly advised to contact your local authority to clarify the position in this regard before travelling to view the documentation. All documentation related to the development consent application for the proposed development is also available to view on the website of the UK's PINS, including any additional information accepted by the UK's PINS at:

<https://infrastructure.planninginspectorate.gov.uk/projects/wales/mona-offshore-wind-farm/?ipcsection=docs>